

# ÚDARÁIS ÁITIÚLA AN LONGFOIRT LONGFORD LOCAL AUTHORITIES



## SCÉIM NA SAEITSE

2008-2011

Iúil 2008

# CLÁR ÁBHAR

TEIDEAL	LEATHANACH
1 Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	4
1.4 Forléargas ar Údarás Áitiúla an Longfoirt	4
1.5 Plean Cúraim Custaiméirí	5
1.6 Timpeallacht Oibriúcháin Údarás Áitiúil an Longfoirt	5
1.7 Réimsí Feidhmiúcháin / Stiúrthóireachtaí Údarás Áitiúil an Longfoirt	6
1.8 Láthair Oifigí na nÚdarás Áitiúil / Ballraíocht Chomhairlí	6
1.9 Príomh-mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal	6
1.10 Measúnú ar Leibhéal na Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair	7
1.11 Taighde a gabhadh de lámh	7
2 Achoimre ar Sheirbhísí a sholáthraíonn Údarás Áitiúla an Longfoirt	8
3 Feabhsú ar Sheirbhísí atá le soláthar go dátheangach	10
3.1 Polasaí Ginearálta	10
3.2 Iniúchadh Inniúlachta	10
3.3 Suirbhé Custaiméirí	10
3.4 Cumarsáid Scríofa	10
3.5 Teicneolaíocht Chumarsáide agus Faisnéise	11
3.6 Oilíuint agus Forbairt	11
3.7 Fostaithe Seirbhísí do Chustaiméirí agus Cumarsáid ó Bhéal	12
3.8 Bíleoga Faisnéise agus Foirmeacha Iarratais	12
3.9 Polasaí Cruinnithe Poiblí	12
3.10 Ainmneacha Sráideanna agus Eastát	13
4 Cur i nGníomh, Monatóireacht agus Athbhreithniú	13

# **Údaráis Áitiúla an Longfoirt**

**Scéim na Gaeilge arna hullmhú faoi Alt II d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.**

## **Caibidil 1 – Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Tá Scéim Teanga ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla an Longfoirt de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Is é Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 an chéad phíosa reachtaíochta a sholáthraíonn creat reachtúil chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta inrochtaineacht níos fearr ar chaighdeán níos airde de sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge a chinntiú.

### **1.2 Ullmhú na Scéime**

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla do chomhlachtaí poiblí d'ullmhú Scéime reachtúla ag sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge agus na beartais a ghlacfar d'fhonn a chinntiú, maidir le haon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, go soláthrófar an tseirbhís sin amhlaidh laistigh de chreat ama aontaithe.

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirilínte atá in Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 arna n-eisiúint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla an Longfoirt fógrán i Márta na bliana 2007 ar nuachtáin áitiúla a léitear sa cheantar go raibh ar intinn acu Dréachtscéim a ullmhú faoi Alt 13 (1) (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní bhfuarthas aon aighneachtaí mar thoradh ar an bhfógrán.

Ní bhréagnóidh aon ní dá bhfuil sa Scéim seo aon Acht nó Ionstraim Reachtúil de chuid an Stáit nó aon rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Áirítear sa scéim forléargas gearr ar Údarás Áitiúla an Longfoirt agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Chomh maith leis sin, leagann an Scéim amach leibhéal na seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Bhéarla, trí Ghaeilge agus go dátheangach. Áirítear tiomantas inti measúnú ar bhonn leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go bhfreastalaíonn na hÚdarás Áitiúla d'éilimh aitheanta ar bhealach pleanáilte. Déanfaidh Roinn na Seirbhísí do Chustaiméirí de chuid an Údarás Áitiúil monatóireacht ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

### **1.3 Dáta Tosaigh na Scéime**

Tá an Scéim seo ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Cuirfear tús leis an Scéim ar 1 Iúil 2008 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is túisce.

### **1.4 Forléargas ar Údarás Áitiúla an Longfoirt**

Chun críche na Scéime seo measfar gur tagairt do Chomhairle Contae an Longfoirt, do Chomhairle Baile an Longfoirt agus do Chomhairle Baile Ghránard aon tagairt d'Údarás Áitiúla an Longfoirt.

Beidh feidhm ag prionsabail an dea-chleachtais agus soláthar seirbhísí nua-aimseartha mar a fhógraítear sa Scéim i dtaca le hÚdarás Áitiúla an Longfoirt.

Tá straitéis chorparáideach Chomhairle Contae an Longfoirt leagtha amach ina Plean Corparáideach 2005-2009, “Seirbhísí Áitiúla Nua-aimseartha a Sholáthar”. Is mar seo a leanas atá príomhghnéithe an Phlean:

#### Ráiteas Misin

“A bheith i gceannas ar fhorbairt inmharthanach agus ar chur chun cinn Chontae an Longfoirt, agus caighdeán na beatha a fheabhsú trí sheirbhísí áitiúla atá cuimsitheach agus atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar go héifeachtach.”

#### Bunluachanna

- Athnuachan Daonlathach
- Ceannaireacht Phobail
- Nuachóiriú agus feabhsú leanúnach
- Seirbhísí a thugann luach ar airgead a sholáthar
- Comhairleoireacht agus comhpháirtíochtaí leis an bpobal áitiúil
- Seirbhísí seachtracha, cuntasacha, sofhreagracha do chustaiméirí agus saoránaigh
- Dul chun cinn a mheas trí tháscairí feidhmíochta
- Na caighdeáin is airde iompair agus ionracais a bheith ag comhaltaí tofa agus an fhoireann
- Polasaithe atá cuimsitheach go sóisialta d'fhonn cuidiú leis na daoine is leochaileacha chomh maith le díriú ar cheantair chathracha agus thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste
- Forbairt inmharthanach Chontae an Longfoirt.

## 1.5 Plean Cúraim Custaiméirí

Tá glactha le Plean Cúraim Custaiméirí ina leagtar amach go soiléir leibhéal agus caighdeán na seirbhísí lenar féidir le custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bheith ag súil a fháil ó Údarás Áitiúla an Longfoirt. Is féidir déileáil le gearáin agus achomhairc maidir le seirbhís trí Ghaeilge tríd an nós imeachta a leagtar amach sa Phlean Cúraim Custaiméirí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sonraí teagmhála le haghaidh Oifig an Ombudsman ar fáil do dhaoine a bhíonn míshásta le freagra na Comhairle ar ghearán a dhéantar.

## 1.6 Timpeallacht Oibriúcháin Údarás Áitiúil an Longfoirt

Braithfidh cumas Údarás Áitiúil an Longfoirt chun cuspóirí corparáideacha mar atá sonraithe sa Phlean Corparáideach 2005-2009 a bhaint amach agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Scéim seo ar an timpeallacht oibriúcháin agus ar acmhainní a bheith ar fáil.

Is é daonra Chontae an Longfoirt go príomha atá i mbonn custaiméirí Údarás Áitiúil an Longfoirt arb é 34,391 duine a líon dar le Tuairisc Dhaonáireamh na bliana 2006. Áirítear iad seo a leanas freisin sa bhonn custaiméirí níos leithne atá faoin timpeallacht sheachtrach:

- Áisíneachtaí Stáit
- Áisíneachtaí Forbartha Áitiúla
- Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha
- An tAire agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais eile
- Údarás Réigiúnacha
- Struchtúir Bhord Forbartha an Chontae
- Meáin Áitiúla agus Náisiúnta
- Gnó
- Grúpaí *Leader* agus Páirtíochtaí Áitiúla
- Soláthróirí Seirbhíse san Earnáil Phríobháideach
- Turasóirí agus Cuairteoirí

Soláthraítear seirbhísí na nÚdarás Áitiúil trí mheon na páirtíochta a chuimsíonn na hionadaithe tofa áitiúla, Coistí Polasaí Straitéise, an Bainisteoir Contae agus oifigigh shinsearach agus an lucht oibre tiomanta. Eatarthu ar fad is iad na grúpaí seo an acmhainn bhunúsach atá freagrach as seirbhísí áitiúla nua-aimseartha a chur ar fáil.

## **1.7 Réimsí Feidhmiúcháin / Stiúrtóireachtaí Údarás Áitiúil an Longfoirt**

Ar chúiseanna feidhmiúcháin tá a ngníomhaíochtaí eagraithe ina ngrúpaí ag na hÚdarás Áitiúla mar seo a leanas:

- Seirbhísí Bonneagair – Seirbhísí Bóthair agus Uisce agus Comhairle Baile Ghránard
- Tithíocht, Pleanáil agus Comhairle Baile an Longfoirt
- Corparáideach, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht
- Acmhainní Daonna, Pobal & Fiontar, Forbairt Eacnamúil agus Seirbhísí Cultúrtha
- Seirbhísí Airgeadais agus Faisnéise.

## **1.8 Láthair Oifigí na nÚdarás Áitiúil / Ballraíocht Chomhairlí**

Tá oifigí Chomhairle Contae an Longfoirt lonnaithe in Áras an Chontae, Sráid Mhór na hAbhann, an Longfort. Tá comhalta tofa is fiche ar Chomhairle Contae an Longfoirt.

Tá oifigí Chomhairle Baile an Longfoirt lonnaithe i gCearnóg an Mhargaidh, an Longfort. Naonúr comhalta tofa atá ar Chomhairle Baile an Longfoirt.

I dTeach an Mhargaidh, Gránard, Co. an Longfoirt a thionóltar cruinnithe Chomhairle Baile Ghránard. Naonúr comhalta tofa atá ar Chomhairle Baile Ghránard.

## **1.9 Príomh-mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal**

Bíonn Údarás Áitiúla an Longfoirt i mbun cumarsáide lena gcuid custaiméirí i ndáil le seirbhísí trí Bhéarla go príomha agus trí Ghaeilge agus Béarla i gcásanna teoranta áirithe. Is sna catagóirí seo a leanas go ginearálta a bhíonn an chumarsáid a dhéantar i scríbhinn.

- Bileoga Eolais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Nuashonruithe Suíomhanna Gréasáin
- Fógráin
- Tuarascálacha
- Doiciméid Pholasáí
- Miontuairiscí Chruinnithe na nÚdarás Áitiúil

## 1.10 Measúnú ar leibhéal na seirbhísí ata ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

Is é is príomhchuspóir d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, fáil níos fearr a bheith ar chaighdeán níos airde de sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge. I láthair na huair, foilsítear Tuarascáil Bhliantúil, Plean Corparáideach, Plean Oidhreachta, Ráiteas Airgeadais Bliantúil, Plean Forbartha Contae agus Plean Measúnaithe Chóiríochta Chomhairle Contae an Longfoirt i mBéarla agus i nGaeilge. Tá na foirmeacha clárúcháin le bheith san áireamh ar Chlár na dTogthóirí le fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Bíonn ainm an Údaráis Áitiúil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfógraín a bhíonn ag na hÚdaráis Áitiúla sna nuachtáin. Tá an “Treoir do Sheirbhísí Leabharlainne” ar fáil i gcúig theanga, Gaeilge ina measc. Foilsítear foirmeacha ballraíochta leabharlainne i bhformáid dhátheangach. Eagraítear ranganna comhrá do dhaoine ar bheagán Gaeilge i Leabharlann Bhrairse an Longfoirt le haghaidh an phobail agus fhoireann na n-údarás. Tá baint ag an tseirbhís Leabharlainne le cur chun cinn na n-ealaíon, imeachtaí cultúrtha agus oideachasúla, lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge. Coinníonn Leabharlanna ar fud Chontae an Longfoirt bailiúchán beag de theidil Ghaeilge agus téipeanna foghlama Gaeilge.

Admhaíonn Údaráis Áitiúla an Longfoirt go bhfuil réimse leathan seirbhísí ann nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge. Faoi láthair níl ar chumas aon roinne i gceachtar Údarás Áitiúil seirbhís a sholáthar go cuimsitheach trí Ghaeilge. Fáiltíonn Údaráis Áitiúla an Longfoirt roimh an deis a chuireann an Scéim seo ar fáil forbairt a dhéanamh ar sholáthar a seirbhíse chun an phobail trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair ní dhéantar an-éileamh ar Údaráis Áitiúla an Longfoirt seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil.

## 1.11 Taighde a gabhadh de láimh

Agus an Scéim seo á hullmhú, ghaibh Údaráis Áitiúla an Longfoirt an taighde seo a leanas de láimh:

- (i) Lorgaíodh aighneachtaí ón bpobal maidir le Dréachtscéim a ullmhú (Féach 1.2)
- (ii) Seoladh suirbhé inmheánach ar fhoireann Údarás Áitiúil an Longfoirt d’fhonn forléargas a fháil ar chaighdeán na Gaeilge san eagraíocht, agus
- (iii) Eagraíodh sosanna caifé as Gaeilge le haghaidh na foirne ar bhonn seachtainiúil.

### Torthaí Shuirbhé na Foirne

Líon comhaltaí foirne a thug freagra ar an suirbhé	114	
Líon comhaltaí foirne a bhfuil suim acu i ranganna Gaeilge		
Líon comhaltaí foirne a bhfuil “ardchaighdeán” Gaeilge labhartha acu	40	35%
Líon comhaltaí foirne a bhfuil “meánchaighdeán” Gaeilge labhartha acu	4	3.5%
Líon comhaltaí foirne a bhfuil “ardchaighdeán” Gaeilge scríofa acu	49	43%
Líon comhaltaí foirne a bhfuil “meánchaighdeán” Gaeilge scríofa acu	3	3%

	41	36%
--	----	-----



## Caibidil 2 – Achoimre ar Sheirbhísí a Sholáthraíonn Údarás Áitiúla an Longfoirt

Soláthraítear na príomhsheirbhísí a chuireann Údarás Áitiúla an Longfoirt ar fáil faoi na Stiúirthóireachtaí seo a leanas.

<b>Stiúirthóireacht</b>	<b>Seirbhísí</b>
<b>Tithíocht, Pleanáil, Rialú Tógála agus Comhairle Baile an Longfoirt</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tithíocht na nÚdarás Áitiúil</li> <li>• Bainistíocht Eastát</li> <li>• Tionscnaimh Tithíochta Sóisialta &amp; Deonacha</li> <li>• Tithíocht ar Phraghas Réasúnta</li> <li>• Iasachtaí agus Deontais</li> <li>• Cóiríocht an Lucht Taistil</li> <li>• Rialú Tógála</li> <li>• Rialú Pleanála</li> <li>• Pleanáil Úsáid na Talún</li> <li>• Pleanáil Chun Cinn</li> <li>• Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailteach</li> <li>• Caomhnú Foirgneamh</li> </ul>
<b>Seirbhísí Bonneagair</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Feabhsú bóithre agus cothabháil</li> <li>• Saincheisteanna ginearálta iompair</li> <li>• Sábháilteacht Bhóithre</li> <li>• Soilsiú Poiblí</li> <li>• Bainistiú Tráchta agus Locadh Caranna</li> <li>• Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla</li> <li>• Scéimeanna Fostaíochta Pobail</li> <li>• Seirbhísí Uisce lena n-áirítear Dramhuisce</li> </ul>
<b>Forbairt Eacnamúil, Pobal &amp; Fiontar, Seirbhísí Cultúrtha agus Acmhainní Daonna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Forbairt Réigiúnda, Baile, Sráidbhaile agus Tuaithe</li> <li>• Forbairt Turasóireachta</li> <li>• Forbairt Eacnamúil</li> <li>• Forbairt Tionsclaíoch</li> <li>• Bord Forbartha an Chontae a Éascú</li> <li>• An Fóram Pobail agus Deonach a Éascú</li> <li>• Forbairt Phobail</li> <li>• Cuimsiú Sóisialta a Chothú</li> <li>• Leabharlanna, Ealaíona, Cartlanna, Iarsmalanna, Oidhrecht</li> <li>• Nascadh Bailte</li> <li>• Acmhainní Daonna</li> </ul>
<b>Corparáideach, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála, Caitheamh Aimsire agus</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Freastal ar Chomhaltaí Tofa</li> <li>• Seirbhís Cúraim Custaiméirí</li> <li>• Pleanáil Chorparáideach</li> </ul>

<b>Taitneamhacht</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cóiríocht Oifige</li> <li>• Clárú Toghcháin</li> <li>• Saoráil Faisnéise</li> <li>• Ombudsman</li> <li>• Acht na dTeangacha Oifigiúla</li> <li>• Tuarascáil Bhliantúil</li> <li>• Bainistiú dramhaíle</li> <li>• Ionaid Adhlactha</li> <li>• Rialú Bruscair</li> <li>• Seirbhísí Dóiteáin &amp; Éigeandála</li> <li>• Cosaint Shibhialta</li> <li>• Cosaint Chomhshaoil</li> <li>• Rialú / Sláinte / Leas Ainmhithe</li> <li>• Sláinte Bhia / Tréidliacht</li> <li>• Draenáil Talún, Páirce agus Aibhneacha</li> <li>• Láithreáin Dhearóile / Árais Dhainséaracha</li> <li>• Sábháilteacht Uisce</li> <li>• Spásanna Oscailte agus Pleanáil Taitneamhachtaí</li> <li>• Spóirt, Fóillíocht, Caitheamh Aimsire</li> </ul>
<b>Airgeadas agus Córais Faisnéise</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bainistíocht / Faisnéis Airgeadais</li> <li>• Mótarcháin</li> <li>• Bailiú Rátaí / Luachálacha</li> <li>• Deontais Ardoideachais</li> <li>• Párolla / Aoisliúntas</li> <li>• Íocaíochtaí</li> <li>• Iniúchadh Inmheánach</li> <li>• Seirbhísí Faisnéise</li> </ul>

Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Baile an Longfoirt sa limistéar a rialaíonn sí:

- Tithíocht
- Bóithre agus Iompar
- Pleanáil agus Forbairt
- Comhshaol
- Airgeadas
- Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

### **Caibidil 3 – Feabhsú ar Sheirbhísí atá le soláthar go dátheangach**

#### **3.1 Polasaí Ginearálta**

Tá Údaráis Áitiúla an Longfoirt tiomanta do chumas na foirne a fhorbairt fad a bheidh ann don Scéim aontaithe maidir le húsáid na Gaeilge.

Tuigeann Údaráis Áitiúla an Longfoirt go bhfuil sé de cheart ag daoine ceachtar den dá theanga oifigiúil is mian leo a úsáid agus iad ag plé leis na hÚdaráis Áitiúla.

Glacann Údaráis Áitiúla an Longfoirt leis gur éifeachtúla is féidir le daoine a mianta agus a gcuid riachtanas a chur in iúl ina rogha teanga.

Tuigeann Údaráis Áitiúla an Longfoirt gur féidir le toradh níos fearr ó thaobh chaighdeán na seirbhíse de a bheith mar thoradh ar sheirbhís a chur ar fáil sa teanga a roghnaíonn an duine.

Tá sé i gceist ag Údaráis Áitiúla an Longfoirt na bearta seo a leanas a ghlacadh fad a leanfaidh an scéim seo d'fhonn feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí a thairgtear trí Ghaeilge.

Tá dualgais Oifigigh Ghaeilge sannta ag an gComhairle chuig duine atá ar an bhfoireann faoi láthair. Cuideoidh an tOifigeach Gaeilge ar bhonn leanúnach leis na riachtanais Ghaeilge sna hÚdaráis Áitiúla a éascú. Is é an ról a bheidh ag an Oifigeach Gaeilge, polasaí dátheangachais Údarás Áitiúil an Longfoirt a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Scéime seo agus soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.

### **3.2 Iniúchadh Inniúlachta**

Tá iniúchadh curtha i gcrích ar leibhéal inniúlachta Gaeilge na foirne ar fad. Féach na torthaí ag 1.11.

Laistigh de bhliain amháin ó thosach na Scéime beidh ar a laghad comhalta foirne sa tSeirbhís Leabharlainne agus i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha araon aitheanta mar fhostaithe a bheidh ábalta seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge don phobal ag an gcuntar. I gcomhairle leis an bhfoireann a dhéanfar sin. Cuirfear oiliúint chuí ar fáil a ligfidh d'fhostaithe a gcumas in úsáid na Gaeilge a fheabhsú.

### **3.3 Suirbhé Custaiméirí**

Seolfar Suirbhé Custaiméirí a loirgeoidh tuairimí an phobail i ndáil le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. Seolfar agus déanfar measúnú ar an suirbhé sin laistigh de shé mhí ó thosach na Scéime.

### **3.4 Cumarsáid Scríofa**

Fáilteoidh Údaráis Áitiúla an Longfoirt roimh chomhfhreagras cibé acu i nGaeilge nó i mBéarla. Ar athnuachan a dhéanamh ar stoc an pháipéir cheannteidil a úsáideann Údaráis Áitiúla an Longfoirt cuimseofar ráiteas san athdhearadh a chuirfidh in iúl go bhfáilteofar roimh fhreagra i nGaeilge. Cuimseofar leagan dátheangach de theidil na Stiúrthóireachtaí sa leagan athdheartha.

### **3.5 Teicneolaíocht Chumarsáide agus Faisnéise**

Bunóidh Údaráis Áitiúla an Longfoirt seoladh ríomhphoist cineálach le haghaidh fiosrúcháin a dhéanfar as Gaeilge. Cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go ndéileálfar le fiosrúcháin cosúil leis an tslí ina ndéileálfar le fiosrúcháin trí Bhéarla agus go ndíreofar orthu ar an mbealach tráthúil céanna.

Is go dátheangach a bheidh aon ghnáthshéanadh nó teachtaireacht ar chomhfhreagras ríomhphoist laistigh de shé mhí ó thosach na Scéime, nó níos luaithe.

Forbrófar córas inlín Údaras Áitiúil an Longfoirt mar acmhainn foirne le haghaidh chothú an dátheangachais. Tiomsófar liosta d'abairtí ábhartha don Deasc Seirbhíse Custaiméirí, teidil phoist, logainmneacha agus seirbhísí. Cuirfear treoir i dtoll a chéile maidir le litreacha a scríobh agus cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann laistigh de shé mhí ó thosach na Scéime nó níos luaithe más indéanta.

Cuirfear gach foilseachán a cheanglaítear a fhoilsiú i nGaeilge de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil i nGaeilge ar shuímh ghréasáin na nÚdarás Áitiúil.

Le linn na Scéime cuirfear ar a laghad 30% den ábhar statach atá ar shuímh ghréasáin Údarás Áitiúil an Longfoirt ar fáil trí Ghaeilge.

Cinnteoidh Údaráis Áitiúla an Longfoirt, maidir le haon bhogearraí nua ríomhaireachta atá á bhforbairt agus a bhaineann le hinrochtaineacht a bheith ag an bpobal, go mbeidh siad láninniúil chun rochtain trí Ghaeilge a bheith ag an bpobal orthu, agus cinnteoidh freisin (chomh fada lenár gcumas) go mbeidh aon chórais atá ann cheana féin arna soláthar ag an mBord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (BSRRA) comhoiriúnach ar feadh ré na Scéime faoi réir ag na leasuithe agus na breisithe riachtanacha atá á seoladh ag an BSRRA.

Faoi láthair níl aon chórais idirghníomhacha ag Údaráis Áitiúla an Longfoirt. Cuirfear aon chórais idirghníomhacha nua ar fáil go dátheangach faoi réir ag na leasuithe agus na breisithe riachtanacha atá á seoladh ag an BSRRA.

### **3.6 Oilíúint agus Forbairt**

Feidhmíonn Údaráis Áitiúla an Longfoirt i dtimpeallacht síorathraithe agus admhaíonn na hÚdaráis an tábhacht a bhaineann le lucht oibre a bhfuil ardleibhéal oiliúna orthu d'fhonn a chinntiú go gcuirfear seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla ar fáil don phobal.

Cinnteoidh na hÚdaráis go dtabharfar spreagadh agus deiseanna don fhoireann go léir chun a gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú. Cuirfear cúrsaí oiliúna agus forbartha ar fáil d'fhostaithe ar bhonn leanúnach. Beidh deis ag gach comhalta foirne leas a bhaint as oiliúint aontaithe iomchuí a chuirfidh ar a gcumas a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla orthu ag cothú na foghlama sa Ghaeilge trí chúrsaí Gaeilge ar nós an Dioplóma sa Ghaeilge a sheolann Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, a chuimsiú i liosta na gcúrsaí ceadaithe d'fhostaithe mar chuid den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

Cuirfear feasacht ar an ngá atá le Gaeilge a úsáid san áireamh mar chuid d'Oiliúint Ionduchtúcháin agus oiliúint Seirbhíse do Chustaiméirí a chuirtear ar fáil d'fhostaithe na nÚdarás Áitiúil.

Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla ábhair agus áiseanna Gaeilge ar fáil don fhoireann ó dháta tosaigh na Scéime.

### **3.7 Fostaithe Seirbhísí do Chustaiméirí agus Cumarsáid ó Bhéal**

Is í an fhoireann a chuireann seirbhísí ar fáil do chustaiméirí an chéad pointe teagmhála leis an bpobal. Is é an polasaí a bheidh ag Údaráis Áitiúla an Longfoirt a chinntiú go mbeidh feidhm le cleachtas na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) sa réimse seo, is é sin, laistigh de shé mhí ó thosach na Scéime:

- Go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ábalta ainm an chomhlachta poiblí a thabhairt i nGaeilge.
- Go mbeidh cur amach bunúsach acu ar a laghad ar an ngnáthbheannú Gaeilge.
- Go gcuirfear socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo daoine den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó an fostaí a bheidh freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, má bhíonn seirbhís den sórt sin ar fáil.

### **3.8 Bileoga Eolais agus Foirmeacha Iarratais**

Faoi dheireadh na Scéime beidh socruithe curtha i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbeidh gach bileog eolais agus bróisiúr nua a thairgeoidh Údaráis Áitiúla an Longfoirt ar fáil i bhfoirm dhátheangach faoi chlúdach amháin ach amháin sa chás nach mbeidh sin infheidhmithe mar gheall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid. I gcásanna den sórt sin, beidh leagan Gaeilge an doiciméid le fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla. Leanfar de bheith ag foilsíú doiciméid de chineál teicniúil i mBéarla amháin.

Is go hiomlán dátheangach a bheidh na bróisiúir agus na bileoga eolais atá ann faoi láthair nuair a dhéanfar athnuachan ar an stoc. Arís, cuirfear iad seo ar fáil go dátheangach faoi chlúdach amháin ach amháin sa chás nach mbeidh sin infheidhmithe mar gheall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid. I gcásanna den sórt sin, beidh leagan Gaeilge an doiciméid le fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla.

Faoi dheireadh na Scéime táirgeofar gach foirm iarratais agus doiciméadú gaolmhar a fhoilseoidh an Chomhairle i mBéarla agus i nGaeilge araon faoi chlúdach amháin ach amháin sa chás nach mbeidh sin infheidhmithe mar gheall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid. I gcásanna den sórt sin, beidh leagan Gaeilge an doiciméid le fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla.

Cuirfear preaseisiúintí a bhaineann le cúrsaí na Gaeilge ar fáil go dátheangach laistigh de shé mhí ó thosach na Scéime.

### **3.9 Polasaí Cruinnithe Poiblí**

Faoi láthair is i mBéarla a sheolann Údaráis Áitiúla an Longfoirt a gcrúinnithe poiblí. Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil le haghaidh comhaltáí tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Déanfar iarracht gné dhátheangach a thabhairt isteach i ngach cruinniú.

### **3.10 Ainmneacha Sráideanna agus Eastát**

Féachfaidh Comhairle Baile an Longfoirt le bailchríoch a chur ar a clár chun comharthaíocht nua sráide a chur suas a thugann ainmneacha sráideanna agus eastát an cheantair uirbigh i mBéarla agus i nGaeilge araon.

Féachfaidh Údarás Áitiúla an Longfoirt le lucht forbartha a spreagadh chun ainmneacha Gaeilge a úsáid agus eastáit nua á n-ainmniú acu agus ceanglóidh siad gur i nGaeilge agus i mBéarla araon, nó i nGaeilge amháin, a chuirfear comharthaíocht bhuan ar fáil.

#### **Caibidil 4 – Cur i nGníomh, Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Socrófar plean trí bliana le haghaidh chur i ngníomh na Scéime aontaithe seo.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar oibriú éifeachtúil na Scéime agus an phlean do chur i ngníomh na Scéime. Eiseofar tuariscí ar bhonn rialta chuig an bhFoireann Bhainistíochta agus cuirfear tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi bhráid na gcomhaltaí tofa.

Foilseofar sonraí maidir leis na bearta a leagtar amach sa scéim chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh agus a úsáid i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae an Longfoirt.

Foilseofar an Scéim aontaithe ar shuímh ghréasáin na nÚdarás Áitiúil; tabharfar fógra go poiblí faoin scéim aontaithe sna meáin áitiúla agus cuirfear cóipeanna ar fáil don phobal i gcoitinne. Dáilfear an Scéim freisin ar na háisíneachtaí agus na comhlachtaí poiblí iomchuí.

Ní chuirfidh aon ní sa Scéim seo bac ar Údarás Áitiúla an Longfoirt gníomhaíochtaí forbartha Gaeilge eile a thionscain, nach bhforálann an Scéim go sonrach dóibh.